C/2024/1787

22.3.2024

P9_TA(2023)0315

Cánachas: comhar riaracháin

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (COM(2022)0707 – C9-0017/2023 – 2022/0413(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

(C/2024/1787)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2022)0707),

— ag féachaint d'Airteagail 113 agus 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0017/2023),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0236/2023),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is dúshláin mhóra don Aontas agus ar an leibhéal domhanda iad calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. Tá an malartú faisnéise ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne cleachtais den sórt sin.	(1) Is mórdhúshlán don Aontas agus ar an leibhéal domhanda iad calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach. ***Meastar go gcailleann na Ballstáit suas le EUR 170 billiún in aghaidh na bliana [1a] mar thoradh ar chalaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, rud a bhaineann an bonn go mór ón acmhainneacht chun seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán a sholáthar.*** Tá malartú faisnéise ***ina chuid*** ríthábhachtach den ***fhorbairt ar chreat dea-fheidhmiúil agus éifeachtach de chuid an Aontais*** chun cleachtais ***dhíobhálacha*** den sórt sin a chomhrac.

[1a] Institiúid Eacnamaíoch na Polainne, Éagothroime cánach san Aontas Eorpach: https://pie.net.pl/wp-content/uploads/2018/07/PIE_Report_Tax_Havens_EU.pdf

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Chun cur chun feidhme cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha faoi chonstaicí a thagann chun cinn a chur in iúl don Choimisiún ar bhonn bliantúil. Thairis sin, ba cheart malartú dea-chleachtas náisiúnta idir na húdaráis chánach a spreagadh freisin.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) Tá cur chuige níos uaillmhianaí iarrtha ag Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcóras agus leis an mbonneagar malartaithe faisnéise i réimse an chánachais, go háirithe trína cuid tuairimí éagsúla maidir leis na hathbhreithnithe ar Threoir an Chomhair Riaracháin (DAC) agus ar Thuarascáil Cur Chun Feidhme.

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2c) I bhfianaise na saorghluaiseachta caipitil, ní thugann cuir chuige neamhspleácha náisiúnta freagraí éifeachtúla ar mhí-úsáid cánach. Tá cur chun feidhme beartas uile-Aontais agus, nuair is féidir, comhaontuithe idirnáisiúnta fós, dá bhrí sin, ina ngnéithe ríthábhachtacha sna hiarrachtaí chun cothroime na gcóras cánach a fheabhsú.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá tábhacht níos mó ag baint leis an margadh criptea-shócmhainní agus méadaíodh a chaipitliú go mór agus go tapa le 10 mbliana anuas. Is léiriú digiteach ar luach nó ar cheart iad criptea-shócmhainní, ar féidir iad a aistriú agus a stóráil go leictreonach, trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíocht chomhchosúil a úsáid.	(5) Tá méadú tagtha ar thábhacht an mhargaidh criptea-shócmhainní agus tá méadaithe go mór agus go mear ar a chaipitliú le 10 mbliana anuas. Léiriú digiteach ar luach nó ar cheart is ea criptea-shócmhainní, ar féidir iad a aistriú agus a stóráil go leictreonach, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó teicneolaíocht chomhchosúil. ***I ngeall ar a nádúr doiléir agus luaineach, d'fhéadfaí criptea-shócmhainní a úsáid chun críoch aindleathacha. Tá sé thar a bheith tábhachtach rianú a dhéanamh ar aistrithe criptea-shócmhainní.***

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá rialacha agus treoir i bhfeidhm ag na Ballstáit, cé nach ionann iad ar fud na mBallstát, maidir le cáin a ghearradh ar ioncam a dhíorthaítear ó idirbhearta criptea-shócmhainní. Mar gheall ar ***chineál dílárathe*** criptea-shócmhainní, áfach, ***is deacair do riaracháin chánach na mBallstát comhlíonadh cánach a áirithiú***.	(6) Tá rialacha agus treoraíocht i bhfeidhm ag na Ballstáit, cé nach ionann iad ar fud na mBallstát, maidir le cáin a ghearradh ar ioncam a dhíorthaítear ó idirbhearta criptea-shócmhainní. Mar sin féin, ***tá sochair chánach ceaptha ag roinnt Ballstát atá dírithe go sonrach ar*** chriptea-shócmhainní ***a mhealladh, rud a d'fhéadfadh cleachtais chánach dhíobhálacha agus caillteanais ioncaim cánach a bheith mar thoradh orthu***.

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Le Rialachán ***XXX maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] ***(an Rialachán XXX)*** tá leathnú déanta ar imlíne rialála an Aontais chuig saincheisteanna criptea-shócmhainní nach bhfuil rialáil déanta ina leith go dtí seo ag gníomhartha seirbhísí airgeadais an Aontais chomh maith le soláthraithe seirbhísí i ndáil leis na criptea-shócmhainní sin ('soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní'). Leagtar amach ***i*** Rialachán **XXX** na sainmhínithe a úsáidtear le haghaidh chuspóirí na Treorach seo. Cuirtear san áireamh sa Treoir seo freisin an ceanglas údarúcháin le haghaidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní faoi Rialachán **XXX** chun an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a íoslaghdú. Mar gheall ar chineál bunúsach trasteorann na gcriptea-shócmhainní, tá gá le comhar riaracháin idirnáisiúnta láidir chun rialáil éifeachtach a áirithiú.	(7) Le Rialachán ***(AE) 2023/1114*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ***ón*** gComhairle ***([1a])*** tá leathnú déanta ar imlíne rialála an Aontais chuig saincheisteanna criptea-shócmhainní nach bhfuil rialáil déanta ina leith go dtí seo ag gníomhartha seirbhísí airgeadais an Aontais chomh maith le soláthraithe seirbhísí i ndáil leis na criptea-shócmhainní sin ('soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní'). Leagtar amach sa Rialachán ***sin*** na sainmhínithe a úsáidtear chun críoch na Treorach seo. Cuirtear san áireamh sa Treoir seo freisin an ceanglas údarúcháin le haghaidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní faoin Rialachán ***sin*** chun an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a íoslaghdú. Mar gheall ar chineál bunúsach trasteorann na gcriptea-shócmhainní, tá gá le comhar riaracháin idirnáisiúnta láidir chun rialáil éifeachtach a áirithiú. ***Is den ríthábhachtach comhleanúnachas córasach a ráthú i ngníomhartha dlí an Aontais maidir le criptea-shócmhainní a rialáil. Chuige sin, déantar Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1b]) a bhreithniú freisin san athbhreithniú seo ar Threoir an Chomhair Riaracháin (DAC). Mar sin féin, aithnítear sa Treoir seo freisin, go bhfuil gá le cumhdach níos leithne a bheith ann chun faisnéis a mhalartú go héifeachtach.***

([1a]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

([1b]) Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le criptea-shócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1).

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Le creat an Aontais maidir le Frithsciúradh Airgid/Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CFT), leathnaítear raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid atá faoi réir rialacha AML/CFT, chuig soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a rialaítear le Rialachán ***XXX***. Ina theannta sin, leathnaítear le Rialachán ***XXX***[27] an oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a chur le haistrithe cistí chuig soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní chun inrianaitheacht aistrithe criptea-shócmhainní a áirithiú chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.	(8) Le creat an Aontais maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AML/CFT), leathnaítear raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid atá faoi réir rialacha AML/CFT, chuig soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a rialaítear le Rialachán ***(AE) 2023/1114***. Ina theannta sin, leathnaítear le Rialachán ***(AE) 2023/1113*** an oibleagáid atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a bheith ag gabháil le haistrithe cistí a dhéantar chuig soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní chun inrianaitheacht aistrithe criptea-shócmhainní a áirithiú chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is é is aidhm don Chreat Tuairiscithe Criptea-Shócmhainní de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([28]) trédhearcacht chánach níos fearr a thabhairt isteach maidir le criptea-shócmhainní agus maidir le tuairisciú ina leith. Ba cheart an creat a d'fhorbair ECFE a chur san áireamh i rialacha an Aontais chun éifeachtacht an mhalartaithe faisnéise a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.	(9) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is é is aidhm don Chreat Tuairiscithe maidir le Criptea-Shócmhainní de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ([28]) trédhearcacht cánach níos fearr a thabhairt isteach maidir le criptea-shócmhainní agus maidir le tuairisciú ina leith. Ba cheart an creat atá forbartha ag ECFE a chur san áireamh i rialacha an Aontais chun éifeachtacht an mhalartaithe faisnéise a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. ***Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as na Tráchtaireachtaí ar an tSamhail-Chomhaontú idir Údaráis Inniúla agus ar an gCreat Tuairiscithe maidir le Criptea-Shócmhainní, arna bhforbairt ag ECFE, chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Treorach seo a áirithiú.***

([28]) https://www.oecd.org/tax/exchange-of-tax-information/crypto-asset-reporting-framework-and-amendments-to-the-common-reporting-standard.pdf

([28]) https://www.oecd.org/tax/exchange-of-tax-information/crypto-asset-reporting-framework-and-amendments-to-the-common-reporting-standard.pdf

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Tá feidhm ag an Treoir maidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a rialaítear le Rialachán ***XXX*** agus a údaraítear faoi agus maidir le hoibreoirí criptea-shócmhainní nach rialaítear leis an Rialachán sin ná nach n-údaraítear faoi. Tagraítear don dá ghrúpa mar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní tuairscithe toisc go gceanglaítear orthu tuairisciú faoin Treoir seo. Tá an tuiscint ghinearálta ar a bhfuil i gceist le criptea-shócmhainní an-leathan agus áirítear inti na criptea-shócmhainní sin a eisítear ar bhealach díláraithe, chomh maith le cripteamhonaí cobhsaí, agus licíní neamh-idirmhalartacha (NFTanna) áirithe. Tá criptea-shócmhainní a úsáidtear chun críoch íocaíochta nó infheistíochta intuairiscithe faoin Treoir seo. ***Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní tuairiscithe a mheas ar bhonn cás ar chás cé acu is féidir nó nach féidir criptea-shócmhainní a úsáid chun críoch íocaíochta agus infheistíochta, agus na díolúintí dá bhforáiltear i Rialachán XXX á gcur san áireamh, go háirithe maidir le líonra teoranta agus comharthaí fóntais áirithe.***	(14) Tá feidhm ag an Treoir i leith soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a rialaítear le Rialachán ***(AE) 2023/1114*** agus a údaraítear faoi agus i leith oibreoirí criptea-shócmhainní nach rialaítear leis an Rialachán sin ná nach n-údaraítear faoi. Tagraítear don dá ghrúpa mar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní tuairiscithe toisc go gceanglaítear orthu tuairisciú faoin Treoir seo. Tá an tuiscint ghinearálta ar a bhfuil i gceist le criptea-shócmhainní thar a bheith leathan agus áirítear inti na criptea-shócmhainní sin atá eisithe ar bhealach díláraithe, chomh maith le cripteamhonaí cobhsaí, ***lena n-áirítear comharthaí ríomh-airgid mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114,*** agus comharthaí neamh-idirmhalartacha áirithe (NFTanna). Tá criptea-shócmhainní a úsáidtear chun críoch íocaíochta nó infheistíochta intuairiscithe faoin Treoir seo.

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Is féidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a chumhdaítear le Rialachán ***XXX*** a ngníomhaíocht a dhéanamh san Aontas trí nós imeachta an phas nuair atá a n-údarú faighte acu i mBallstát. Chun na gcríoch sin, coinníonn ESMA clár le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní údaraithe. Ina theannta sin, coinníonn ESMA dúliosta d'oibreoirí a fheidhmíonn seirbhísí criptea-shócmhainní ar gá údarú a fháil ina leith faoi Rialachán ***XXX***.	(17) Féadfaidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a chumhdaítear le Rialachán ***(AE) 2023/1114*** a ngníomhaíocht a dhéanamh san Aontas trí nós imeachta an phas nuair atá a n-údarú faighte acu i mBallstát. Chun na gcríoch sin, coinníonn ESMA clár le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní údaraithe. Ina theannta sin, coinníonn ESMA dúliosta d'oibreoirí a fheidhmíonn seirbhísí criptea-shócmhainní ar gá údarú a fháil ina leith faoin Rialachán ***sin***.

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Chun comhar riaracháin a chothú sa réimse seo le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, maidir le hoibreoirí criptea-shócmhainní atá lonnaithe i ndlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad agus a sholáthraíonn seirbhísí d'úsáideoirí criptea-shócmhainní an Aontais, amhail soláthraithe seirbhísí NFTanna nó oibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais, ba cheart cead a bheith acu faisnéis maidir le húsáideoirí criptea-shócmhainní a bhfuil cónaí orthu san Aontas a thuairisciú d'údaráis chánach dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í amháin a mhéid a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thuairiscítear don fhaisnéis a leagtar amach sa Treoir seo agus a mhéid atá malartú éifeachtach faisnéise ann idir an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus Ballstát. D'fhéadfaí soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a údaraítear faoi Rialachán ***XXX*** a dhíolmhú ón bhfaisnéis sin a thuairisciú sna Ballstáit ina bhfuil an t-údarú acu má dhéantar an tuairisciú comhfhreagrach i nDlínse nach Dlínse de chuid an Aontais í agus a mhéid atá comhaontú éifeachtach cáilitheach idir údaráis inniúla i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin, chuirfeadh an dlínse cháilithe nach dlínse de chuid an Aontais í an fhaisnéis sin in iúl do riaracháin chánach na mBallstát sin ina bhfuil úsáideoirí criptea-shócmhainní ina gcónaí. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an sásra seo a úsáid ionas nach ndéanfar faisnéis chomhfhreagrach a thuairisciú agus a tharchur níos mó ná aon uair amháin.	(19) Chun comhar riaracháin a chothú sa réimse seo le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, maidir le hoibreoirí criptea-shócmhainní atá lonnaithe i ndlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad agus a sholáthraíonn seirbhísí d'úsáideoirí criptea-shócmhainní an Aontais, amhail soláthraithe seirbhísí NFTanna nó oibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais, ba cheart cead a bheith acu an fhaisnéis sin amháin maidir le húsáideoirí criptea-shócmhainní a bhfuil cónaí orthu san Aontas a thuairisciú d'údaráis cánach dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í a mhéid a chomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thuairiscítear don fhaisnéis a leagtar amach sa Treoir seo agus a mhéid atá malartú éifeachtach faisnéise ann idir an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus Ballstát. D'fhéadfaí soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a údaraítear faoi Rialachán ***(AE) 2023/1114*** a dhíolmhú ón bhfaisnéis sin a thuairisciú sa Bhallstát ina bhfuil an t-údarú acu má dhéantar an tuairisciú comhfhreagrach i ndlínse nach dlínse de chuid an Aontais í agus a mhéid atá comhaontú éifeachtach cáilitheach idir údaráis inniúla i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin, chuirfeadh an dlínse cháilithe nach dlínse de chuid an Aontais í an fhaisnéis sin in iúl do riaracháin chánach na mBallstát sin ina bhfuil úsáideoirí criptea-shócmhainní ina gcónaí. I gcás inarb iomchuí, ba cheart an sásra seo a úsáid ionas nach ndéanfar faisnéis chomhfhreagrach a thuairisciú agus a tharchur níos mó ná aon uair amháin.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ní ghlacann an Treoir seo ionad aon oibleagáidí níos leithne a eascraíonn as Rialachán ***XXX***.	(23) Ní ghlacann an Treoir seo ionad aon oibleagáidí níos leithne a eascraíonn as Rialachán ***(AE) 2023/1114 nó as Rialachán (AE) 2023/1113***.

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun cóineasú a chothú agus maoirseacht chomhsheasmhach a chur chun cinn maidir le Rialachán ***XXX***, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla náisiúnta eile agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt.	(24) Chun cóineasú a chothú agus maoirseacht chomhsheasmhach a chur chun cinn maidir le Rialachán ***(AE) 2023/1114***, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla náisiúnta eile agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt***, ar bhealach éifeachtach agus dílis***.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Tá sé ríthábhachtach atreisiú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2011/16/AE maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú nó le malartú chun dul in oiriúint d'fhorbairtí nua ar mhargaí éagsúla agus, dá bhrí sin, dul i ngleic go héifeachtach le hiompar sainaitheanta maidir le calaois chánach, seachaint cánach agus imghabháil cánach. Ba cheart na forbairtí a fheictear sa mhargadh inmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú sna forálacha sin ionas go mbeidh tuairisciú éifeachtach agus malartú éifeachtach faisnéise ann. Dá bhrí sin, áirítear sa Treoir, i measc nithe eile, na breisithe is déanaí ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe ECFE, comhtháthú na bhforálacha maidir le ríomh-airgead agus airgeadra digiteach na mbanc ceannais, creat soiléir comhchuibhithe le haghaidh bearta comhlíonta, agus leathnú raon feidhme na rialuithe trasteorann chuig daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu.	(26) Tá sé ríthábhachtach atreisiú a dhéanamh ar fhorálacha Threoir 2011/16/AE maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú nó le malartú chun dul in oiriúint d'fhorbairtí nua ar mhargaí éagsúla agus, dá réir sin, dul i ngleic go héifeachtach le hiompar sainaitheanta maidir le calaois chánach, seachaint cánach agus imghabháil cánach. Ba cheart na forbairtí a fheictear sa mhargadh inmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú sna forálacha sin ionas go mbeidh tuairisciú éifeachtach agus malartú éifeachtach faisnéise ann. Dá réir sin, áirítear sa Treoir, i measc nithe eile, na breisithe is déanaí ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe ECFE, comhtháthú na bhforálacha maidir le ríomh-airgead agus airgeadra digiteach na mbanc ceannais, creat soiléir agus comhchuibhithe le haghaidh bearta comhlíonta, agus leathnú raon feidhme na rialuithe trasteorann chuig daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu. ***Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as na Tráchtaireachtaí ar an tSamhail-Chomhaontú idir Údaráis Inniúla agus ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe arna bhforbairt ag ECFE, chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Treorach seo a áirithiú.***

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach

Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) Cé go bhfuil roinnt tíortha, lena n-áirítear go leor Ballstát, ag scaoileadh faisnéise anaithnidithe agus comhiomlánaithe de réir tíre – a bhaintear as na tuarascálacha de réir tíre a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2016/881 ón gComhairle nó faoi Ghníomhaíocht 13 ó Phlean Gníomhaíochta BEPS, is díol trua nach bhfuil roinnt Ballstát ag foilsiú na faisnéise sin i mbunachair sonraí idirnáisiúnta. Ba cheart measúnú ar an gcleachtas foilsitheoireachta maidir le faisnéis anaithnidithe chomhiomlánaithe de réir tíre agus measúnú ar a úsáidí atá cur chuige comhchuibhithe a bheith ina ábhar don chéad athbhreithniú eile ar DAC.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach

Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Úsáidtear táirgí ríomh-airgid, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]), go minic san Aontas agus tá méadú ag teacht ar líon na n-idirbheart agus a gcomhluach de réir a chéile. Ní chumhdaítear táirgí ríomh-airgid go sainráite le Treoir 2011/16/AE, áfach. Tá cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit i leith ríomh-airgid. Mar thoradh air sin, ní chumhdaítear táirgí gaolmhara i gcónaí leis na catagóirí ioncaim agus caipitil atá ann cheana i dTreoir 2011/16/AE. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a thabhairt isteach lena n-áiritheofar go mbeidh feidhm ag oibleagáidí tuairiscithe maidir le ríomh-airgid agus licíní ríomh-airgid faoi Rialachán ***XXX***.	(27) Úsáidtear táirgí ríomh-airgid, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]), go minic san Aontas agus tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na n-idirbheart agus a gcomhluach. Ní chumhdaítear, áfach, táirgí ríomh-airgid go sainráite le Treoir 2011/16/AE. Tá cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit i leith ríomh-airgid. Mar thoradh air sin, ní chumhdaítear táirgí gaolmhara i gcónaí leis na catagóirí ioncaim agus caipitil atá ann cheana i dTreoir 2011/16/AE. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha a thabhairt isteach lena n-áiritheofaí go mbeadh feidhm ag oibleagáidí tuairiscithe maidir le ríomh-airgid agus comharthaí ríomh-airgid faoi Rialachán ***(AE) 2023/1114***.
([31]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).	([31]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Chun deireadh a chur le bealaí éalaithe lena gcumasaítear imghabháil cánach, seachaint cánach agus calaois chánach, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a bhaineann le hioncam a dhíorthaítear ó dhíbhinní neamhchoimeádta a mhalartú. ***Ba cheart, dá bhrí sin, ioncam ó dhíbhinní neamhchoimeádta a áireamh*** sna ***catagóirí ioncaim atá faoi réir*** uathmhalartú sainordaitheach faisnéise.	(28) Chun deireadh a chur le bealaí éalaithe a lamhálann d'imghabháil cánach, seachaint cánach agus calaois chánach, ba cheart a chur de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a bhaineann le hioncam a dhíorthaítear ó dhíbhinní neamhchoimeádta ***agus le gnóthachain chaipitiúla ó mhaoin dhochorraithe*** a mhalartú. ***Meastar go gcomhlíontar*** an t-uathmhalartú faisnéise éigeantach ***más féidir le húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a úsáid trí chlárlanna náisiúnta nó trí chlárlanna idirnasctha***.

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) Déantar fós cineálacha áirithe ioncaim agus sócmhainní a eisiamh ó raon feidhme an uathmhalartaithe faisnéise, lena gcruthaítear riosca i dtaobh dul timpeall ar oibleagáidí cánach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá agus ar an mbealach is iomchuí, agus tograí nithiúla a thíolacadh, chun an fhaisnéis seo a leanas maidir le húinéireacht, na hítimí ioncaim agus na sócmhainní neamhairgeadais a áireamh san uathmhalartú faisnéise: úinéirí tairbhiúla maoine dochorraithe agus cuideachtaí; sócmhainní airgeadais; sócmhainní neamhairgeadais amhail airgead tirim, ealaín, ór nó earraí luachmhara eile a shealbhaítear ag saorphoirt, trádstórais custam nó taisceadáin; úinéireacht luamh agus scairdeitleán príobháideach; agus cuntais ag ardáin a dhéanann iasachtú móra idir piaraí a sholáthar, ardáin sluachistiúcháin agus ardáin chomhchosúla.

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Tá an Uimhir Aitheantais Chánach ('TIN') fíor-riachtanach chun go mbeidh na Ballstáit in ann an fhaisnéis a fhaightear a mheaitseáil le sonraí atá i mbunachair sonraí náisiúnta. Cuireann sé le cumas na mBallstát na cáiníocóirí ábhartha a shainaithint agus measúnú ceart a dhéanamh ar na cánacha gaolmhara. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-éileoidh na Ballstáit go gcuirfear TIN in iúl i gcomhthéacs malartuithe a bhaineann le cuntais airgeadais, rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha de réir tíre, socruithe intuairiscithe trasteorann, agus faisnéis faoi dhíoltóirí ar ardáin dhigiteacha.	(29) Tá an Uimhir Aitheantais Chánach ('TIN') fíor-riachtanach chun go mbeidh na Ballstáit in ann an fhaisnéis a fhaightear a mheaitseáil le sonraí atá i mbunachair sonraí náisiúnta. Cuireann sé le cumas na mBallstát na cáiníocóirí ábhartha a shainaithint agus measúnú ceart a dhéanamh ar na cánacha gaolmhara. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go n-éileoidh na Ballstáit go gcuirfear TIN in iúl i gcomhthéacs malartuithe a bhaineann le cuntais airgeadais, rialuithe cánach trasteorann agus réamh-chomhaontuithe praghsála, tuarascálacha de réir tíre, socruithe intuairiscithe trasteorann, agus faisnéis faoi dhíoltóirí ar ardáin dhigiteacha ***agus faoi criptea-shócmhainní. Mar sin féin, nuair nach bhfuil TIN ar fáil, ní fhéadfaidh údaráis inniúla na mBallstát oibleagáid den sórt sin a chomhlíonadh.***

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach

Aithris 29 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29a) Cheadódh TIN Eorpach d'aon údarás TINanna i gcaidreamh trasteorann a shainaithint agus a thaifeadadh go mear, go héasca agus i gceart agus d'fhónfadh sé mar bhonn d'uathmhalartú éifeachtach faisnéise idir riaracháin chánach na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún athscrúdú a dhéanamh ar chruthú TIN Eorpach, lena n-áirítear a breisluach agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Tá sé tábhachtach, ar bhonn prionsabail, go n-úsáidfear an fhaisnéis a chuirtear in iúl faoi Threoir 2011/16/AE chun cánacha a chumhdaítear faoi raon feidhme ábhartha na Treorach sin a mheasúnú, a riar agus a fhorfheidhmiú. Cé nár cuireadh bac ar an méid sin go dtí seo, tháinig éiginnteachtaí maidir le húsáid faisnéise chun cinn mar gheall ar chreat doiléir. I bhfianaise na n-idirnasc idir calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach agus frithsciúradh airgid agus na sineirgí i dtéarmaí forfheidhmithe, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar faisnéis a chuirtear in iúl idir na Ballstáit a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar dhleachtanna custaim agus frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.	(33) Tá sé tábhachtach, ar bhonn prionsabail, go mbaintear úsáid as an bhfaisnéis a chuirtear in iúl faoi Threoir 2011/16/AE chun cánacha a chumhdaítear faoi raon feidhme ábhartha na Treorach sin a mheasúnú, a riar agus a fhorfheidhmiú. Cé nár cuireadh bac ar an méid sin go dtí seo, tháinig éiginnteachtaí maidir le húsáid faisnéise chun cinn mar gheall ar chreat doiléir. I bhfianaise na n-idirnasc idir calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach agus frithsciúradh airgid agus na sineirgí ó thaobh forfheidhmithe de, is iomchuí a shoiléiriú go bhféadfar faisnéis a chuirtear in iúl idir na Ballstáit a úsáid freisin chun measúnú, riarachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar dhleachtanna custaim agus chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. ***Mar sin féin, níor cheart go ndéanfadh na forálacha sa Treoir seo forluí faoi dhó ná go hábhartha leis na forálacha i gcreat an Aontais maidir le frithsciúradh airgid.***

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach

Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Foráiltear le Treoir 2011/16/AE go bhféadfar an fhaisnéis a mhalartaítear chun críocha eile seachas cánachas díreach agus indíreach a úsáid a mhéid a shonraigh an Ballstát seolta i liosta an chríoch ar chuici a cheadaítear an fhaisnéis sin a úsáid. Tá an nós imeachta maidir leis an úsáid sin anásta, áfach, toisc gur gá dul i gcomhairle leis an mBallstát seolta sula bhféadfaidh an Ballstát glactha an fhaisnéis a úsáid chun críocha eile. Trí dheireadh a chur leis an gceanglas maidir leis an gcomhairliúchán sin, ba cheart an t-ualach riaracháin a laghdú agus é a chur ar a gcumas d'údaráis chánach gníomhú go tapa nuair is gá. Níor cheart, dá bhrí sin, a chur de cheangal air dul i gcomhairle leis an mBallstát seolta i gcás ina gcumhdaítear úsáid bheartaithe na faisnéise i liosta a dhréachtaigh an Ballstát seolta roimh ré.	(34) Foráiltear le Treoir 2011/16/AE don fhéidearthacht úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a mhalartaítear chun críocha eile seachas chun críoch cánach dírí agus indírí a mhéid atá an chríoch a cheadaítear chun úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin luaite i liosta ag an mBallstát seolta. Tá an nós imeachta maidir leis an úsáid sin anásta, áfach, toisc gur gá dul i gcomhairle leis an mBallstát seolta sular féidir leis an mBallstát glactha an fhaisnéis a úsáid chun críocha eile. Trí dheireadh a chur leis an gceanglas maidir leis an gcomhairliúchán sin, ba cheart an t-ualach riaracháin a laghdú agus é a chur ar a gcumas d'údaráis chánach gníomhú go mear nuair is gá. Níor cheart, dá bhrí sin, é a bheith de cheangal dul i gcomhairle leis an mBallstát seolta i gcás ina gcumhdaítear úsáid bheartaithe na faisnéise i liosta atá dréachtaithe ag an mBallstát seolta roimh ré. ***Is féidir a áireamh ar an liosta sin an úsáid a bhaineann údaráis áitiúla as faisnéis faoi shonraí nach mbaineann le cáin faoi chuimsiú na dtairseach agus na dteorainneacha a ghabhann le seachadadh seirbhísí áirithe amhail seirbhísí a sholáthraítear trí ardán ar líne go háirithe.***

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach

Aithris 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a) Ba cheart do gach Ballstát úsáid éifeachtach a bhaint as faisnéis a fhaightear trí thuairisciú nó trí mhalartú faisnéise faoi Threoir 2011/16/AE. Dá bhrí sin, ba cheart sásra lena n-áiritheofaí úsáid éifeachtach, lena n-áirítear anailís riosca ar na sonraí, a thabhairt isteach i ngach Ballstát.

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil acmhainní, chun malartú faisnéise a éascú agus ionas nach mbeadh ar na Ballstáit uile athruithe den chineál céanna a dhéanamh ar a gcórais stórála faisnéise, ba cheart eolaire lárnach a bhunú, a mbeadh rochtain ag na Ballstáit uile air agus a mbeadh rochtain ag an gCoimisiún air chun críocha staidrimh amháin, ar a ndéanfadh na Ballstáit an fhaisnéis thuairiscithe a uaslódáil agus a stóráil in ionad í a mhalartú trí ríomhphost slán. Ba cheart don Choimisiún na socruithe praiticiúla is gá a ghlacadh chun an t-eolaire lárnach sin a bhunú.	(36) Chun feabhas a chur ar úsáid éifeachtúil acmhainní, chun malartú faisnéise a éascú agus ionas nach mbeadh ar na Ballstáit uile athruithe den chineál céanna a dhéanamh ar a gcórais stórála faisnéise, ba cheart eolaire lárnach a bhunú, a mbeadh rochtain ag na Ballstáit uile air agus a mbeadh rochtain ag an gCoimisiún air chun críoch staidrimh amháin, ar a ndéanfadh na Ballstáit an fhaisnéis thuairiscithe a uaslódáil agus a stóráil in ionad í a mhalartú trí ríomhphost slán. ***Leis an iarracht sin, ba cheart feabhas a chur freisin ar mhalartú dea-chleachtas maidir le conas uirlisí digiteacha a chur chun feidhme i riaracháin chánach chun costais chomhlíonta agus maorlathas a laghdú, agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht á bhfeabhsú ag an am céanna, agus an gá atá le hacmhainní daonna a cháiliú á chur san áireamh.*** Ba cheart don Choimisiún na socruithe praiticiúla is gá a ghlacadh chun an t-eolaire lárnach sin a bhunú.

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach

Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) Tá an Coimisiún i dteideal tuarascálacha agus doiciméid a chur ar fáil, agus úsáid á baint as an bhfaisnéis a mhalartaítear ar bhealach anaithnid, chun ceart na gcáiníocóirí chun rúndachta a chur san áireamh agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Rannchuidíonn foilsiú na staidreamh anaithnidithe agus comhiomlánaithe tuairiscithe de réir tíre, lena n-áirítear staidreamh maidir le rátaí cánach éifeachtacha, ar bhonn bliantúil do na Ballstáit uile le feabhas a chur ar cháilíocht na ndíospóireachtaí poiblí maidir le gnóthaí cánachais.

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach

Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Chun ***comhlíonadh Threoir 2011/16/AE*** a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na rialacha ***a leagan síos*** maidir le pionóis ***agus bearta comhlíonta eile ar cheart dóibh*** a ***bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do gach Ballstát na rialacha sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta agus leis na forálacha a leagtar amach sa Treoir seo.***	(39) Chun ***forfheidhmiú cuí na rialacha faoin Treoir seo*** a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis a leagan síos, ar rialacha iad ***is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta maidir le malartú éigeantach faisnéise arna dtuairisciú ag soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní,*** ar cheart dóibh a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh siad an páirtí ar a bhfuil an locht i gcás gach sáraithe a shainaithint i gceart. Ba cheart do na Ballstáit córas sealadach laghdaithe pionóis a thabhairt isteach ar feadh 3 bliana ar a laghad i gcás FBManna maidir le hAirteagal 8ad.***

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach

Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun leibhéal leormhaith éifeachtachta a áirithiú sna Ballstáit uile, ba cheart íosleibhéil pionós a bhunú i ndáil le dhá chineál iompair a mheastar a bheith tromchúiseach: is é sin nach dtugtar tuairisc tar éis dhá mheabhrúchán riaracháin agus sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha a sholáthar san fhaisnéis, rud a dhéanann difear mór do shláine agus d'iontaofacht na faisnéise tuairiscithe. Déanann sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha difear mór do shláine agus d'iontaofacht na faisnéise tuairiscithe nuair is mó iad ná 25 % de na sonraí iomlána ar cheart don cháiníocóir nó don eintiteas tuairiscithe a thuairisciú i gceart i gcomhréir leis an bhfaisnéis riachtanach a leagtar amach in ***Iarscríbhinn VI, Roinn II, fomhír (B)***. Níor cheart do na híosmhéideanna pionós sin cosc a chur ar na Ballstáit ***smachtbhannaí*** níos déine a chur i bhfeidhm maidir leis an dá chineál sáruithe sin. Ní mór do na Ballstáit fós pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha eile sáruithe.	(40) Chun leibhéal leormhaith éifeachtachta a áirithiú sna Ballstáit uile, ***agus Treoir 2014/107/AE ón gComhairle agus Treoir (AE) 2016/881 ón gComhairle á gcur chun feidhme go háirithe***, ba cheart íosleibhéil pionós a leagan síos i ndáil le dhá chineál iompair a mheastar a bheith tromchúiseach: eadhon mainneachtain tuairisciú a dhéanamh tar éis dhá mheabhrúchán a fháil agus nuair atá sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha san fhaisnéis a sholáthraítear, lena ndéantar difear mór do shláine agus d'iontaofacht na faisnéise tuairiscithe. Déanann sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha difear mór do shláine agus d'iontaofacht na faisnéise tuairiscithe nuair is mó iad ná 25 % de na sonraí iomlána ar cheart don cháiníocóir nó don eintiteas tuairiscithe a thuairisciú i gceart i gcomhréir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a leagtar amach sna ***hIarscríbhinní***. Níor cheart do na híosmhéideanna pionós sin cosc a chur ar na Ballstáit ó ***phionóis*** níos déine a chur i bhfeidhm i leith an dá chineál sáruithe sin. Ní mór do na Ballstáit fós pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha eile sáruithe.

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach

Aithris 42 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42a) Tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-694/20, ba cheart Treoir 2011/16/AE a leasú sa chaoi nach mbeidh sé d'éifeacht ag a forálacha ceangal a chur ar dhlíodóirí atá ag gníomhú mar idirghabhálaithe, i gcás ina bhfuil siad díolmhaithe ón oibleagáid tuairiscithe mar gheall ar an bpribhléid ghairmiúil dhlíthiúil trína bhfuil siad faoi cheangal, fógra a thabhairt d'aon idirghabhálaithe eile nach cliaint iad dá gcuid faoi oibleagáidí tuairiscithe na n-idirghabhálaithe sin agus caomhnú á dhéanamh acu ar oibleagáid na n-idirghabhálaithe i dtaobh fógra a thabhairt dá gcliaint gan mhoill faoina n-oibleagáidí tuairiscithe.

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach

Aithris 44 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44a) Is ionstraim riachtanach é malartú idirnáisiúnta sonraí chun críoch cánach chun calaois chánach a chomhrac i ndomhan domhandaithe. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch faisnéise atá ábhartha ó thaobh cánach de a mhalartú le tríú tiortha, bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, ba cheart a mheas gur chun leas an phobail é.

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach

Aithris 44 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44b) Ba cheart na hathbhreithnithe comhleanúnacha ar chreat reachtach an Aontais maidir le malartú faisnéise a léiriú sna comhaontuithe le tríú tiortha. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil comhaontú sínithe ann, ba cheart athbhreithnithe a bheartú.

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe i

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 9 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) chun críocha Airteagal 8(1) agus Airteagail 8a go 8ad, faisnéis réamhshainithe a chur in iúl ar bhonn córasach do Bhallstát eile, gan réamhiarraidh, ag eatraimh thráthrialta réamhbhunaithe. Chun críocha Airteagal 8(1), baineann tagairt d'fhaisnéis atá ar fáil le faisnéis i gcomhaid chánach an Bhallstáit a bheidh ag cur na faisnéise in iúl, ar féidir teacht uirthi i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil sa Bhallstát sin;	(a) chun críoch Airteagal 8(1) agus Airteagail 8a go 8ad, faisnéis réamhshainithe ***agus nua*** a chur in iúl ar bhonn córasach do Bhallstát eile, gan réamhiarraidh, ag eatraimh thráthrialta réamhbhunaithe. Chun críoch Airteagal 8(1), baineann tagairt d'fhaisnéis atá ar fáil le faisnéis i gcomhaid chánach an Bhallstáit atá ag cur na faisnéise in iúl, ar féidir teacht uirthi i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil sa Bhallstát sin;

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 14

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) leasaítear pointe (14) mar seo a leanas:
14. ciallaíonn 'rialú cánach ***trasteorann***'aon chomhaontú, aon teachtaireacht, nó aon ionstraim nó gníomh eile a bhfuil na héifeachtaí céanna acu, lena n-áirítear ceann a eisítear, a leasaítear nó a athnuaitear i gcomhthéacs iniúchóireachta cánach, agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:	"14. ciallaíonn 'rialú cánach'aon chomhaontú, aon teachtaireacht, nó aon ionstraim nó gníomh eile a bhfuil na héifeachtaí céanna acu, lena n-áirítear ceann a eisítear, a leasaítear nó a athnuaitear i gcomhthéacs iniúchóireachta cánach, agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas***, gan beann ar a chineál foirmiúil, neamhfhoirmiúil, ceangailteach nó neamhcheangailteach ó thaobh dlí de***:
(a) a eisíonn, a leasaíonn nó a athnuann rialtas nó údarás cánach Ballstáit, nó foranna críochacha nó riaracháin an Bhallstáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla, nó a dhéantar ar a shon nó ar a son, beag beann ar cibé a bhaintear úsáid éifeachtach as nó nach mbaintear;	(a) a eisíonn, a leasaíonn nó a athnuann rialtas nó údarás cánach Ballstáit, nó foranna críochacha nó riaracháin an Bhallstáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla, nó a dhéantar ar a shon nó ar a son, gan beann ar cibé a bhaintear úsáid éifeachtach as nó nach mbaintear;
(b) a eisítear, a leasaítear nó a athnuaitear, chuig duine áirithe nó chuig grúpa daoine, agus ar a bhfuil an duine sin nó grúpa daoine i dteideal a bheith ag brath;	(b) a eisítear, a leasaítear nó a athnuaitear, chuig duine áirithe nó chuig grúpa daoine, agus ar a bhfuil an duine sin nó grúpa daoine i dteideal a bheith ag brath;
(c) a bhaineann le léirmhíniú nó le cur i bhfeidhm foráil dhlíthiúil nó riaracháin a bhaineann le dlíthe náisiúnta i dtaca le riar nó forfheidhmiú chánacha an Bhallstáit, nó chánacha fhoranna críochacha nó riaracháin an Bhallstáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla;	(c) a bhaineann le léirmhíniú nó le cur i bhfeidhm foráil dhlíthiúil nó riaracháin a bhaineann le dlíthe náisiúnta i dtaca le riar nó forfheidhmiú chánacha an Bhallstáit, nó chánacha fhoranna críochacha nó riaracháin an Bhallstáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla;
(d) a bhaineann le hidirbheart trasteorann nó cibé acu a chruthaíonn gníomhaíochtaí a dhéanann duine i ndlínse eile buanbhunaíocht nó nach gcruthaíonn; agus	
(e) a dhéantar roimh na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí i ndlínse eile, a d'fhéadfadh buanbhunaíocht a chruthú nó roimh thuairisceán cánach a chomhdú ina gcuimsítear an tréimhse inar tharla an t-idirbheart nó sraith idirbheart nó gníomhaíochtaí. D'fhéadfadh déanamh infheistíochtaí, soláthar earraí, seirbhísí, maoinithe nó úsáid as sócmhainní inláimhsithe nó sócmhainní doláimhsithe a bheith i gceist leis an idirbheart ***trasteorann***, ach ní hiad sin amháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus ní gá go mbainfeadh sé go díreach leis an duine atá ag fáil an rialaithe cánach ***trasteorann***;	(e) a dhéantar roimh na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí i ndlínse eile, a d'fhéadfadh buanbhunaíocht a chruthú nó roimh thuairisceán cánach a chomhdú ina gcuimsítear an tréimhse inar tharla an t-idirbheart nó sraith idirbheart nó gníomhaíochtaí. D'fhéadfadh infheistíochtaí a dhéantar, soláthar earraí, seirbhísí, maoinithe nó an úsáid a bhaintear as sócmhainní inláimhsithe nó sócmhainní doláimhsithe a bheith i gceist leis an idirbheart, ach ní hiad sin amháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus ní gá go mbainfeadh sé go díreach leis an duine atá ag fáil an rialaithe cánach;'
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) scriostar pointe (16).

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
33. ciallaíonn 'Ballstát baile' Ballstát baile mar a shainmhínítear i Rialachán **XXX**.	33. ciallaíonn 'Ballstát baile' Ballstát baile mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (33), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
34. ciallaíonn 'seoladh mórleabhar dáilte' seoladh mórleabhar dáilte mar a shainmhínítear i Rialachán **XXX**.	34. ciallaíonn 'seoladh mórleabhar dáilte' seoladh mórleabhar dáilte mar ***a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (18), de Rialachán (AE) 2023/1113.***

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	34a. ciallaíonn 'úinéir tairbhiúil' úinéir tairbhiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (22), de thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosc a chur ar an úsáid a bhaintear as an gcóras airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 34 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	34b. ciallaíonn 'Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní' Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1114.

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 3 – pointe 34 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	34c. ciallaíonn 'Oibreoir Criptea-Shócmhainní' soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní seachas Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní.

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) in Airteagal 7, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'4a. I gcás, ar an fhaisnéis atá iarrtha a fháil, go ndéanann an t-údarás iarrthach iarraidh leantach a thíolacadh, cuirfidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis bhreise sin is gá ar fáil a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear an iarraidh leantach.'

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – pointe i

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) úinéireacht maoine dochorraithe ***agus*** ioncam ón maoin sin;	(e) úinéireacht maoine dochorraithe, ioncam ***agus gnóthachain chaipitiúla*** ón maoin dhochorraithe sin;

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) I mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:
	'Measfar uathmhalartú faisnéise a bheith comhlíonta a mhéid a bhaineann le mír 1, an chéad fhomhír, pointe (e), i gcás inar féidir le húdaráis inniúla aon Bhallstáit eile rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin trí na clárlanna náisiúnta nó trí na córais aisghabhála sonraí nó trí chlárlanna idirnasctha mar a fhoráiltear i dtreoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar an úsáid a bhaintear as an gcóras airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849.'

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bb) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:
3. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit tabhairt le fios don údarás inniúil in aon Bhallstát eile nach mian leis faisnéis a fháil maidir le catagóir amháin nó roinnt catagóirí ioncaim agus caipitil dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas ina thaobh sin ***freisin***.	'3. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit tabhairt le fios don údarás inniúil in aon Bhallstát eile nach mian leis faisnéis a fháil maidir le catagóir amháin nó roinnt catagóirí ioncaim agus caipitil dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh sé ***an t-údar atá lena chinneadh*** a chur in iúl agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas ina thaobh sin.'

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b c (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 – mír 3a – fomhír 2 – pointe a

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bc) sa dara fomhír de mhír 3a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a:
(a) ainm, seoladh, uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach agus dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás duine aonair) gach Duine Intuairiscithe ar Sealbhóir Cuntais den chuntas é agus, i gcás aon Eintiteas ar Sealbhóir Cuntais é agus, tar éis na rialacha díchill chuí atá comhsheasmhach leis na hIarscríbhinní a bheith curtha i bhfeidhm, a aithnítear mar eintiteas a bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Duine Intuairiscithe é, ainm, seoladh agus uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach an Eintitis agus ainm, seoladh, uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach agus dáta breithe agus áit bhreithe gach Duine Intuairiscithe;	‘(a) ainm, seoladh, uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach agus dáta breithe agus áit bhreithe (i gcás duine aonair) gach Duine Intuairiscithe ar Sealbhóir Cuntais den chuntas é agus, i gcás aon Eintiteas ar Sealbhóir Cuntais ***thairbhiúil deiridh*** é agus, tar éis na rialacha díchill chuí atá comhsheasmhach leis na hIarscríbhinní a bheith curtha i bhfeidhm, a aithnítear mar eintiteas a bhfuil Duine Rialaithe amháin nó níos mó aige ar Duine Intuairiscithe é, ainm, seoladh agus uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach an Eintitis agus ainm, seoladh, uimhir (uimhreacha) aitheantais cánach agus dáta breithe agus áit bhreithe gach Duine Intuairiscithe;’

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8a – teideal

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:
Raon feidhme agus na coinníollacha a bhaineann le huathmhalartú faisnéise sainordaitheach maidir le rialú cánach ***trasteorann*** agus réamh-chomhaontuithe praghsála	‘Raon feidhme agus na coinníollacha a bhaineann le huathmhalartú faisnéise éigeantach maidir le rialú cánach agus réamh-chomhaontuithe praghsála’
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs).

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8a – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit, i gcás inar eisíodh, inar leasaíodh nó inar athnuadh rialú cánach ***trasteorann*** maidir le duine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard aige tar éis an 31 Nollaig 2023, trí mhalartú uathoibríoch, faisnéis a chur in iúl maidir leis sin do na húdaráis inniúla i ngach Ballstát eile, leis na teorainneacha ar chásanna a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo, i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 21.	Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit, i gcás inar eisíodh, inar leasaíodh nó inar athnuadh rialú cánach maidir le duine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard aige tar éis an 31 Nollaig 2023, trí uathmhalartú, faisnéis a chur in iúl maidir leis sin do na húdaráis inniúla i ngach Ballstát eile, leis na teorainneacha ar chásanna a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo, i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 21.

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe i

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 a – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit, i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 21, faisnéis a chur in iúl freisin d’údaráis inniúla na mBallstát eile go léir agus don Choimisiún, leis na teorainneacha ar chásanna a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo, maidir le rialuithe cánach ***trasteorann*** agus réamh-chomhaontuithe praghsála arna n-eisiúint, arna leasú nó arna n-athnuachan laistigh de thréimhse dar tús 5 bliana roimh an 1 Eanáir 2017 agus maidir le rialuithe cánach ***trasteorann*** do dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu arna n-eisiúint, arna leasú nó arna n-athnuachan laistigh de thréimhse dar tús 5 bliana roimh an 1 Eanáir ***2026***.’;	Déanfaidh údarás inniúil Ballstáit, i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 21, faisnéis a chur in iúl freisin d’údaráis inniúla na mBallstát eile go léir agus don Choimisiún, leis na teorainneacha ar chásanna a leagtar amach i mír 8 den Airteagal seo, maidir le rialuithe cánach agus réamh-chomhaontuithe praghsála arna n-eisiúint, arna leasú nó arna n-athnuachan laistigh de thréimhse dar tús 5 bliana roimh an 1 Eanáir 2017 agus maidir le rialuithe cánach do dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu arna n-eisiúint, arna leasú nó arna n-athnuachan laistigh de thréimhse dar tús 5 bliana roimh an 1 Eanáir ***2024***.

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe ii

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8a – mír 2 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
‘I gcás ina ndéanfar rialuithe cánach ***trasteorann*** maidir le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu a eisiúint, a leasú nó a athnuachan idir an 1 Eanáir ***2020*** agus an 31 Nollaig ***2025***, cuirfear é sin in iúl faoin gcoinníoll go raibh siad fós bailí an 1 Eanáir 2026.	I gcás ina ndéantar rialuithe cánach maidir le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu a eisiúint, a leasú nó a athnuachan idir an 1 Eanáir ***2018*** agus an 31 Nollaig ***2023***, cuirfear é sin in iúl faoin gcoinníoll go raibh siad fós bailí an 1 Eanáir 2026.

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe ii a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8 a – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iia) scriostar an ceathrú fomhír.

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8a – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:
	'Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil réamh-chomhaontuithe praghsála trasteorann nua déthaobhacha nó iltaobhacha a chaibidliú ná a chomhaontú le tríú tíortha nach gceadaíonn iad a nochtadh d'údaráis inniúla Ballstát eile amhail ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.'

Leasú 51

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe i a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8a – mír 6 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ia) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b:
(b) achoimre ar réamhrialú ***trasteorann*** nó an réamh-chomhaontaithe praghsála, lena n-áirítear tuairisc ar na gníomhaíochtaí nó ar na hidirbhearta gnó ábhartha nó ar an tsraith idirbheart a d'fhéadfadh cuidiú leis an údarás inniúil riosca cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, ***gan*** rún tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó próiseas tráchtála a nochtadh dá bharr ná faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha don bheartas poiblí.	'(b) achoimre ar an rialú cánach nó an réamh-chomhaontú praghsála, lena n-áirítear tuairisc ar na gníomhaíochtaí nó ar na hidirbhearta gnó ábhartha nó ar an tsraith idirbheart***, impleachtaí uile cánach ábhartha díreacha agus indíreacha, amhail rátaí cánach éifeachtacha,*** agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an údarás inniúil riosca cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, ***ach fágtar ar lár faisnéis a bhféadfadh*** nochtadh rúin tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó nochtadh próisis tráchtála a bheith ***mar thoradh uirthi*** nó faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha don bheartas poiblí;'

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8aa – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3a) in Airteagal 8aa, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas an tuarascáil de réir tíre de bhun mhír 1, trí mheán uathmhalartaithe agus laistigh den spriocdháta a leagtar síos i mír 4, an tuarascáil de réir tíre in iúl d'aon Bhallstát eile ina bhfuil, ar bhonn na faisnéise sa tuarascáil de réir tíre, Comheintiteas amháin nó níos mó den Ghrúpa FIN den Eintiteas Tuairiscithe cónaitheach chun críoch cánach nó faoi réir cáin i dtaca leis an ngnó a dhéantar trí bhuanbhunaíocht.	'2. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas an tuarascáil de réir tíre de bhun mhír 1, trí bhíthin uathmhalartaithe agus laistigh den spriocdháta a leagtar síos i mír 4, an tuarascáil de réir tíre a chur in iúl d'aon Bhallstát eile ina bhfuil, ar bhonn na faisnéise sa tuarascáil de réir tíre, Comheintiteas amháin nó níos mó den Ghrúpa FIN den Eintiteas Tuairiscithe cónaitheach chun críoch cánach nó faoi réir cáin maidir leis an ngnó a dhéantar trí bhuanbhunaíocht. ***Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuarthas an tuarascáil de réir tíre de bhun mhír 1 an tuarascáil sin a chur in iúl freisin do sheirbhísí inniúla an Choimisiúin atá freagrach as clár láraithe na dtuarascálacha de réir tíre. Foilseoidh an Coimisiún staidrimh tuairiscithe de réir tíre a bheidh anaithnidithe agus comhiomlánaithe agus déanfaidh sé é ar bhonn bliantúil i gcás na mBallstát uile.'***

Leasú 53

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ab – mír 5 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3b) in Airteagal 8ab, mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
5. Féadfaidh gach Ballstát na bearta is gá a dhéanamh chun an ceart a thabhairt d'idirghabhálaithe tarscaoileadh a fháil ó fhaisnéis a chomhdú maidir le socrú intuairiscithe trasteorann i gcás ina sáródh an oibleagáid tuairiscithe an phribhléid ghairmiúil dlíodóra faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Sna himthosca sin, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a cheangal ar aon ***idirghabhálaí*** ar tugadh tarscaoileadh dó fógra a thabhairt, gan mhoill, dá chliant nó dá cliant, más idirghabhálaí é an cliant sin nó, murab ann don ***idirghabhálaí*** sin, más rud é gurb é an cliant sin an cáiníocóir ábhartha, faoina gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi mhír 6.	'5. Féadfaidh gach Ballstát na bearta is gá a dhéanamh chun an ceart a thabhairt d'idirghabhálaithe tarscaoileadh a fháil ó fhaisnéis a chomhdú maidir le socrú intuairiscithe trasteorann i gcás ina sáródh an oibleagáid tuairiscithe an phribhléid ghairmiúil dlíodóra faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Sna himthosca sin, déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a chur de cheangal ar ***aon idirghabhálaí a bhfuil tarscaoileadh deonaithe dó*** fógra a thabhairt, gan mhoill, ***dá chliant nó dá cliant, más*** idirghabhálaí é an cliant sin nó, murab ann don idirghabhálaí sin, ***más rud é gurb é an cliant sin*** an cáiníocóir ábhartha, faoina gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi mhír 6.'

Leasú 54

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ab – mír 14 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) achoimre ar ábhar an tsocraithe intuairiscithe ***trasteorann***, lena n-áirítear tagairt don ainm a thugtar air de ghnáth, más ann dó, agus tuairisc ar na socruithe ábhartha agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh cabhrú leis an údarás inniúil riosca cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, ***gan*** rún tráchtála, tionsclaíoch nó gairmiúil nó próiseas tráchtála a nochtadh ***dá bharr***, ná faisnéis a mbeadh ***a*** nochtadh contrártha don bheartas poiblí;	(c) achoimre ar ábhar an tsocraithe trasteorann, lena n-áirítear tagairt don ainm a thugtar air de ghnáth, más ann dó, agus tuairisc ar na socruithe ábhartha***, an tionchar a bhfuiltear ag súil a bheith ag an socrú trasteorann ar ráta cánach éifeachtach an cháiníocóra sa Bhallstát iarrtha*** agus aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh cabhrú leis an údarás inniúil riosca cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, ***ach fágtar ar lár faisnéis a bhféadfadh*** nochtadh rúin tráchtála, tionsclaíoch nó ghairmiúil nó nochtadh próisis tráchtála a bheith mar thoradh léi, nó faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha don bheartas poiblí;

Leasú 55

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ab – mír 14 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) In Airteagal 8ab, mír 14, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
	'(ha) liosta na dtairbhithe, a nuashonraítear ar bhonn bliantúil.'

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta ***is gá*** chun a chur de cheangal ar Sholáthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a chur i gcrích agus na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i Ranna II agus III d'Iarscríbhinn VI a chomhlíonadh. Áiritheoidh gach Ballstát freisin cur chun feidhme éifeachtach agus comhlíonadh na mbeart sin i gcomhréir le Roinn V d'Iarscríbhinn VI.	1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta ***leormhaithe*** chun a chur de cheangal ar Sholáthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí a chur i gcrích agus na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i Ranna II agus III d'Iarscríbhinn VI a chomhlíonadh. Áiritheoidh gach Ballstát freisin cur chun feidhme éifeachtach agus comhlíonadh na mbeart sin i gcomhréir le Roinn V d'Iarscríbhinn VI.

Leasú 57

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 3 – pointe c – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) an margadhluach cóir comhiomlán, chomh maith le líon na n-aonad agus luach na nAistrithe a rinne an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe chuig sheoltaí mórleabhar dáilte mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX nach eol go mbaineann siad le soláthraí seirbhíse sócmhainní fíorúil nó le hinstitiúid airgeadais.***	(i) an margadhluach cóir comhiomlán, chomh maith le líon na n-aonad agus luach na nAistrithe a rinne an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe chuig seoltaí mórleabhar dáilte mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (18), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1113.***

Leasú 58

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha phointí (d) go (h) den phointe seo, déanfar an margadhluach cóir a chinneadh agus a thuairisciú in Airgeadra Fiat amháin, arna luacháil tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach.	Chun críoch pointí (d) go (h) den phointe seo, déanfar an margadhluach cóir a chinneadh agus a thuairisciú in Airgeadra Fiat amháin, arna luacháil tráth gach Idirbhirt Intuairiscithe ar bhealach a chuireann an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe i bhfeidhm go comhsheasmhach. ***Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Chomhar Riaracháin i réimse an chánachais dhírigh, treoirlínte a eisiúint maidir le luacháil an mhargaidh chóir.***

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 4a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ní bheidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b).

Leasú 60

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfear an teachtaireacht in iúl de bhun mhír 3 den Airteagal seo leis an bhformáid chaighdeánach ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 20(5) laistigh de 2 mhí tar éis dheireadh na bliana féilire lena mbaineann na ceanglais tuairiscithe is infheidhme maidir le Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe. Cuirfear an chéad fhaisnéis in iúl don bhliain féilire ábhartha nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile amhail ón 1 Eanáir 2027.	5. Cuirfear an teachtaireacht de bhun mhír 3 den Airteagal seo in iúl agus úsáid á baint as an bhformáid chaighdeánach ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 20(5) laistigh de ***3*** mí tar éis dheireadh na bliana féilire lena mbaineann na ceanglais tuairiscithe is infheidhme maidir le Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe. Cuirfear an chéad fhaisnéis in iúl i gcás na bliana féilire ábhartha nó i gcás tréimhse tuairiscithe iomchuí eile amhail ón 1 Eanáir 2027.

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. D'ainneoin mhír 3, ní gá an fhaisnéis i ndáil le hÚsáideoir Criptea-Shócmhainní a thuairisciú i gcás ina bhfuil dearbhuithe leormhaithe faighte ag an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe go gcomhlíonann Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe eile ceanglais tuairiscithe uile an Airteagail seo i leith an Úsáideora Criptea-Shócmhainní sin.	***scriosta***

Leasú 62

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun na ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, leagfaidh gach Ballstát síos na rialacha ***is gá*** chun a chur de cheangal ar Oibreoir Criptea-Shócmhainní clárú laistigh den Aontas. Leithdháilfidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe uimhir aitheantais aonair ar an Oibreoir Criptea-Shócmhainní sin.	Chun na ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, leagfaidh gach Ballstát síos na rialacha ***leormhaithe*** chun a chur de cheangal ar Oibreoir Criptea-Shócmhainní clárú laistigh den Aontas. Leithdháilfidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe uimhir aitheantais aonair ar an Oibreoir Criptea-Shócmhainní sin.

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 11 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis iarraidh réasúnaithe ó aon Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis is gá a mhalartú go huathoibríoch de bhun comhaontaithe idir údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í ag comhfhreagairt don fhaisnéis a shonraítear i Roinn II, mír B d'Iarscríbhinn VI, de réir bhrí Roinn IV, fomhír F (5), d'Iarscríbhinn VI. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).	Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis iarraidh réasúnaithe ó aon Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis is gá a mhalartú go huathoibríoch de bhun comhaontú idir údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann agus dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í ag comhfhreagairt don fhaisnéis a shonraítear i Roinn II, mír B, d'Iarscríbhinn VI, de réir bhrí Roinn IV, fomhír F(5), d'Iarscríbhinn VI. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2)***, gan moill mhíchuí***.

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8ad – mír 11a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	11a. Ní bheidh feidhm ag mír 11 má liostaítear faoi láthair an dlínse nach dlínse de chuid an Aontais í in Iarscríbhinn I nó II de liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, nó má shainaithnítear í i liosta na dtríú tíortha a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcórais AML/CFT, nó má bhí sí mar chuid de cheachtar díobh sin sa 12 mhí roimhe sin. ***Thairis sin, maidir le haon liostú a dhéanfar amach anseo in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II de liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach nó maidir le sainaithint mar thríú tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina córas AML/CFT, cuirfear ar fionraí éifeacht aon ghníomhartha cur chun feidhme atá ann cheana maidir leis an dlínse shonrach sin.***

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 8b – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) in Airteagal 8b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

An téacs atá ann	*Leasú*
1. Tabharfaidh na Ballstáit staitisticí don Choimisiún ar bhonn bliantúil maidir le líon na n-uathmhalartuithe faoi Airteagail 8(1), 8(3a), 8aa ***agus*** 8ac, agus faisnéis maidir leis na costais agus na buntáistí riaracháin agus na costais agus na buntáistí ábhartha eile a bhaineann le malartuithe a tharla agus aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú, i gcás córais riaracháin chánach agus tríú páirtithe araon.	'1. Tabharfaidh na Ballstáit an ***fhaisnéis ábhartha uile*** don Choimisiún ar bhonn bliantúil***, lena n-áirítear*** staidreamh maidir le líon na n-uathmhalartuithe ***mar aon le measúnú ar inúsáidteacht na sonraí atá á malartú*** faoi Airteagail 8(1), 8 (3a), 8aa, 8ac ***agus 8ad***, agus faisnéis maidir leis na costais agus na buntáistí riaracháin ábhartha eile a bhaineann le malartuithe a tharla agus aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú, i gcás riaracháin chánach agus tríú páirtithe araon.'

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) in Airteagal 11(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
	'I gcásanna ina dtugtar diúltú réasúnaithe, féadfaidh an t-údarás iarrthach dul i dteagmháil leis an údarás inniúil arís le heilimintí breise, chun údarú a fháil dá oifigeach ionas go mbeidh sé in ann na cúraimí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), (b) nó (c) a dhéanamh. Tabharfaidh an t-údarás inniúil freagra ar an dara hiarraidh sin laistigh de 30 lá ón iarraidh a fháil.'

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c – pointe a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 12 a – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6c) Leasaítear Airteagal 12a mar a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit amháin nó níos mó a iarraidh ar údarás inniúil Ballstáit eile (nó de Bhallstáit eile) iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh. Tabharfaidh na húdaráis inniúla iarrtha freagra ar an iarraidh chun iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh laistigh de 60 lá ón iarraidh a fháil. ***Féadfaidh na húdaráis inniúla iarrtha iarraidh ar iniúchadh compháirteach a rinne údarás inniúil Ballstáit a dhiúltiú ar fhorais a bhfuil údar maith leo.***	'1. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit amháin nó níos mó a iarraidh ar údarás inniúil Ballstáit eile (nó ar Bhallstát eile) iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh. Tabharfaidh na húdaráis inniúla iarrtha freagra ar an iarraidh chun iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh laistigh de 60 lá ón iarraidh a fháil.'

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c – pointe b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 12 a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'1a. Féadfar diúltú d'iarraidh ó údarás inniúil Ballstáit ar iniúchadh comhpháirteach ar na cúiseanna seo a leanas:
	(a) d'áireofaí leis an iniúchadh comhpháirteach iarrtha fiosrúcháin a dhéanamh nó faisnéis a chur in iúl de shárú ar reachtaíocht an Bhallstáit iarrtha;
	(b) ní féidir leis an mBallstát iarrthach, ar chúiseanna dlí, faisnéis a chur in iúl a bheadh cosúil leis an bhfaisnéis a mbeifí ag súil leis an mBallstát iarrtha a chur ar fáil le linn iniúchadh comhpháirteach.
	I gcás ina ndiúltaíonn údarás iarrtha don iarraidh sin, cuirfidh sé an t-iarrthóir ar an eolas maidir le cé acu den dá fhoras dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhí mar bhunús leis an diúltú sin.'

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 16 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar faisnéis a chuirfear in iúl idir Ballstáit i bhfoirm ar bith de bhun na Treorach seo a chumhdach leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus bainfear leas as an gcosaint a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í. Féadfar an fhaisnéis sin a úsáid chun measúnú, riar agus forfheidhmiú a dhéanamh ar dhlí náisiúnta na mBallstát a bhaineann leis na cánacha dá dtagraítear in Airteagal 2, chomh maith le CBL agus cánacha indíreacha eile, dleachtanna custaim ***agus*** chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.	Déanfar faisnéis a chuirfear in iúl idir Ballstáit i bhfoirm ar bith de bhun na Treorach seo a chumhdach leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus déanfar an chosaint a theachtadh a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í. Féadfar faisnéis den sórt sin a úsáid chun dlí náisiúnta na mBallstát a mheasúnú, a riar agus a fhorfheidhmiú, ar dlí í a bhaineann leis na cánacha dá dtagraítear in Airteagal 2, chomh maith le CBL, cánacha indíreacha eile, dleachtanna custaim, frithsciúradh airgid agus ***cionta preideacáide gaolmhara,*** chomh maith le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ***agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe***.

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 16 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Le cead ó údarás inniúil an Bhallstáit a chuireann faisnéis in iúl de bhun na Treorach seo, ach amháin a mhéid a cheadaítear faoi reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás inniúil a fhaigheann an fhaisnéis seo, is féidir faisnéis agus doiciméid a fhaightear de bhun na Treorach seo a úsáid chun críocha eile seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1.	A mhéid a cheadaítear faoi reachtaíocht an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás inniúil a fhaigheann an fhaisnéis seo, is féidir faisnéis agus doiciméid a fhaightear de bhun na Treorach seo a úsáid chun críocha eile seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1. ***Tabharfar an cead sin go díreach más féidir an fhaisnéis a úsáid chun críoch comhchosúil i mBallstát an údaráis inniúil a chuireann an fhaisnéis in iúl.***

Leasú 71

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe c

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 16 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Cuirfidh údarás inniúil gach Ballstáit sásra éifeachtach ar bun chun a áirithiú go ndéantar measúnú ar na sonraí a fhaightear trí thuairisciú nó trí mhalartú faisnéise faoi Airteagail 8 go 8ad laistigh de raon feidhme na Treorach seo.;	7. Déanfaidh údarás inniúil gach Ballstáit sásra éifeachtach a chur i bhfeidhm chun an ***úsáid*** a bhaintear as sonraí a fhaightear ***agus a roinntear*** trí fhaisnéis a thuairisciú agus a mhalartú faoi Airteagail 8 go hAirteagal 8ad laistigh de raon feidhme na Treorach seo agus an measúnú ***ar cháilíocht agus iomláine*** na sonraí sin a áirithiú, ***mar aon le nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le haghaidh anailís chórasach riosca na faisnéise seo agus le haghaidh anailís chórasach na faisnéise gan chomhoiriúnú a mhalartaítear de bhun Airteagal 5 agus Airteagal 8***.

Leasú 72

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 17 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) in Airteagal 17, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'4a. Ní bheidh feidhm ag an bhféidearthacht dá dtagraítear i mír 4 maidir le diúltú do sholáthar faisnéise má bhíonn an t-údarás iarrthach in ann a léiriú nach gcuirfear an fhaisnéis in iúl don phobal agus nach n-úsáidfear í ach amháin chun measúnú, bainistiú agus rialú a dhéanamh ar ghnóthaí cánach ábhartha an duine nó an ghrúpa daoine a mbaineann an iarraidh ar fhaisnéis leo.'

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 23 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9a) In Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
2. Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha in iúl don Choimisiún is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chomhair riaracháin i gcomhréir leis an Treoir seo chun imghabháil cánach agus calaois chánach a chomhrac.	'2. Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis ábhartha in iúl don Choimisiún is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chomhair riaracháin i gcomhréir leis an Treoir seo chun imghabháil cánach agus calaois chánach a chomhrac, ***agus déanfaidh siad scrúdú agus measúnú ar na costais chomhlíontachta is féidir a eascairt as staid róthuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Cuirfidh na Ballstáit torthaí a meastóireachta in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún gach bliain. Cuirfear achoimre ar na torthaí sin ar fáil don phobal, agus cearta agus rúndacht na gcáiníocóirí á gcur san áireamh. Ní dhéanfar an fhaisnéis a imdhealú go leibhéal ar féidir í a shannadh do cháiníocóir aonair.***'

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na Ballstáit meastóireacht bhliantúil a chur in iúl don Choimisiún maidir le héifeachtúlacht an uathmhalartaithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 8, ***8a, 8aa agus 8ab***, mar aon leis na torthaí praiticiúla a baineadh amach. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhoirm agus na coinníollacha maidir leis an meastóireacht bhliantúil sin a chur in iúl. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).	3. Déanfaidh na Ballstáit meastóireacht bhliantúil a chur in iúl don Choimisiún maidir le héifeachtúlacht an ***mhalartaithe faisnéise arna iarraidh sin dá dtagraítear in Airteagail 5, 6 agus 7 agus éifeachtúlacht an uathmhalartaithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 8 go 8ad, an méid comhair le tríú tíortha,*** mar aon leis na torthaí praiticiúla atá bainte amach***, lena n-áirítear an t-ioncam ó cháin incriminteach lena mbaineann agus na cleachtais aindleathacha a shainaithnítear le comhar riaracháin. Déanfaidh an Coimisiún imdhealú ar an bhfaisnéis a chuirfear in iúl, ar a laghad go leibhéal de réir tíre***. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhoirm agus na coinníollacha maidir leis an meastóireacht bhliantúil sin a chur in iúl. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Leasú 75

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 a – pointe a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 23a – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(11a) leasaítear Airteagal 23 a mar a leanas:
	(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:
1. Coinneoidh ***an Coimisiún*** faisnéis a chuirtear in iúl don Choimisiún de bhun na Treorach seo faoi rún ***i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme i leith údaráis an Aontais agus ní fhéadfar í a úsáid chun aon chríoch eile seachas iad siúd is gá lena chinneadh an bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh ag na Ballstáit agus a mhéid atá siad á dhéanamh sin.***	'1. Aon fhaisnéis a chuirfear in iúl don Choimisiún de bhun na Treorach seo, coinneofar faoi rún ***í, a mhéid nach ndéanfaidh a neamhnochtadh dochar do leas an phobail, is féidir an fhaisnéis sin a shannadh do cháiníocóirí aonair agus dhéanfadh nochtadh na faisnéise sin cearta na gcáiníocóirí a shárú.'***

Leasú 76

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 a – pointe b (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 23a – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2
2. Is féidir aon fhaisnéis a chuireann Ballstát in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 23, mar aon le haon tuarascáil nó doiciméad a chuireann an Coimisiún le chéile agus leas á bhaint as an bhfaisnéis, a tharchur chuig na Ballstáit eile. Déanfar an fhaisnéis tharchurtha sin a chumhdach leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus bainfear leas as an gcosaint a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í.	"2. Féadfar aon fhaisnéis a chuireann Ballstát in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 23, mar aon le haon tuarascáil nó doiciméad a chuireann an Coimisiún le chéile agus úsáid á baint as an bhfaisnéis ***inchurtha***, a tharchur chuig na Ballstáit eile. Déanfar an fhaisnéis tharchurtha sin a chumhdach leis an oibleagáid maidir le rúndacht oifigiúil agus déanfar an cosaint a theachtadh a thugtar d'fhaisnéis den chineál céanna faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a fuair í.
Ní féidir leis na Ballstáit tuarascálacha agus doiciméid a chuireann an Coimisiún le chéile, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a úsáid ach chun críoch anailíseach***, agus ní fhoilseofar ná ní chuirfear ar fáil d'aon duine ná comhlacht eile iad seachas le comhaontú sainráite ón gCoimisiún***.	Ní fhéadfaidh na Ballstáit tuarascálacha agus doiciméid arna gcur le chéile ag an gCoimisiún, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a úsáid ach amháin chun críoch anailíseach.

An téacs atá ann	*Leasú*
D'ainneoin an chéad agus an dara fomhír, ***féadfaidh*** an Coimisiún achoimrí anaithnidithe a fhoilsiú go bliantúil maidir leis na sonraí staitistiúla a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 23(4).	D'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fomhír, ***déanfaidh*** an Coimisiún achoimrí anaithnidithe a fhoilsiú go bliantúil maidir leis na sonraí staidrimh a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 23(4).

Leasú 77

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus a bhaineann le hAirteagal 8(3a), Airteagail 8aa go 8ad agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Beidh na pionóis agus na bearta comhlíonta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.	1. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo agus a bhaineann le hAirteagal 8(3a), Airteagail 8aa go 8ad agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Beidh na pionóis agus na bearta comhlíonta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Áiritheoidh na Ballstáit go bhforfheidhmeofar pionóis i gcoinne na bpáirtithe ar a bhfuil locht go hiarbhír.***

Leasú 78

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát foráil maidir le pionóis ar mó iad ná EUR 150 000, bunóidh sé córas sealadach chun pionóis a laghdú ar feadh 3 bliana i gcás FBManna i ndáil le hAirteagal 8ad.

Leasú 79

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.	***scriosta***

Leasú 80

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcásanna nach ndéantar tuairisciú tar éis dhá mheabhrúchán riaracháin nó i gcás ina bhfuil sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha san fhaisnéis a soláthraítear, ar mó iad ná 25 % den fhaisnéis ba cheart a thuairisciú i gcomhréir leis an bhfaisnéis a leagtar amach in ***Iarscríbhinn VI, Roinn II, fomhír (B)***, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar na pionóis íosta airgid seo a leanas ar a laghad sna pionóis is féidir a chur i bhfeidhm.	I gcásanna ina mainnítear tuairisciú a dhéanamh tar éis 2 mheabhrúchán riaracháin a fháil nó i gcás ina bhfuil sonraí neamhiomlána, míchearta nó bréagacha san fhaisnéis a soláthraítear, agus ar mó iad na sonraí ná 25 % den fhaisnéis ba cheart a thuairisciú i gcomhréir leis an bhfaisnéis a leagtar amach ***sna hIarscríbhinní***, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar na pionóis íosta airgid seo a leanas ar a laghad sna pionóis is féidir a chur i bhfeidhm.

Leasú 81

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás neamhchomhlíonadh forálacha náisiúnta arna nglacadh chun Airteagal 8ab a chomhlíonadh, ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 50 000 i gcás ina mbeidh láimhdeachas bliantúil an idirghabhálaí nó an cháiníocóra ábhartha faoi bhun EUR 6 mhilliún agus EUR 150 000 nuair is ionann an láimhdeachas agus EUR 6 mhilliún nó níos mó; ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 20 000 nuair is duine nádúrtha an t-idirghabhálaí nó an cáiníocóir ábhartha;	***scriosta***

Leasú 82

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) i gcás neamhchomhlíonadh forálacha náisiúnta arna nglacadh chun Airteagal 8ac a chomhlíonadh, ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 50 000 i gcás ina mbeidh láimhdeachas bliantúil an Oibreora Ardán Tuairiscithe faoi bhun EUR 6 mhilliún agus EUR 150 000 nuair is ionann an láimhdeachas agus EUR 6 mhilliún nó níos mó, ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 20 000 nuair is duine nádúrtha é an tOibreoir Ardán Tuairiscithe;	***scriosta***

Leasú 83

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) i gcás neamhchomhlíonadh forálacha náisiúnta arna nglacadh chun Airteagal 8ad a chomhlíonadh, ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 50 000 i gcás ina bhfuil láimhdeachas bliantúil an tSoláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe faoi bhun EUR 6 mhilliún agus EUR 150 000 nuair is ionann an láimhdeachas agus EUR 6 mhilliún nó níos mó, ní bheidh an pionós íosta airgid níos lú ná EUR 20 000 nuair is duine nádúrtha é an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe.	***scriosta***

Leasú 84

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE ón gComhairle

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní rachaidh na pionóis a leagtar síos sa mhír seo thar 1 % de láimhdeachas iomlán an duine a gceanglaítear air tuairisciú.

Leasú 85

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 25a – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oiriúnacht na méideanna dá bhforáiltear i mír ***(d) sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 27(1)***.	***Faoin … [bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo],*** déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oiriúnacht ***agus comhréireacht*** na méideanna dá bhforáiltear sa mhír seo.

Leasú 86

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(13a) In Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Gach cúig bliana tar éis an 1 Eanáir 2013, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.	‘1. Gach 5 bliana tar éis an 1 Eanáir 2013, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. ***Beidh tograí sonracha, lena n-áirítear tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil chun an Treoir seo a fheabhsú.’***

Leasú 87

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán agus measúnú i ndáil lena ndlínse, ar éifeachtacht an chomhair riaracháin i gcomhréir leis an Treoir seo chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus cuirfidh siad torthaí a measúnaithe in iúl don Choimisiún uair sa bhliain.	2. Déanfaidh na Ballstáit faireachán agus measúnú i ndáil lena ndlínse, ar éifeachtacht an chomhair riaracháin i gcomhréir leis an Treoir seo chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus cuirfidh siad torthaí a measúnaithe in iúl do ***Pharlamint na hEorpa agus don*** Choimisiún uair sa bhliain.

Leasú 88

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh an Coimisiún san áireamh torthaí den sórt sin ar an measúnú ó na Ballstáit chun tuilleadh athbhreithnithe reachtacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar bhealaí éalaithe agus ar laigí leanúnacha sa Treoir seo.

Leasú 89

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27 – mír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(14a) In Airteagal 27, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	'2a. Chun críocha mhír 2 den Airteagal sin, déanfaidh an Coimisiún creat comhchoiteann a ghlacadh maidir le tionchar, costais agus buntáistí na Treorach seo a thomhas i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(2).'

Leasú 90

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir ***2026*** nó ina dhiaidh sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar TIN na ndaoine aonair nó na n-eintiteas a tuairiscíodh arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe i nochtadh na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus (3a), Airteagal 8a(6), Airteagal 8aa(3), Airteagal 8ab(14), Airteagal 8ac(2) agus Airteagal 8ad(3). Cuirfear an TIN ar fáil fiú amháin nuair nach n-éilítear é go sonrach leis na hAirteagail sin.	Maidir le tréimhsí inchánach dar tús an 1 Eanáir ***2027*** nó ina dhiaidh sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar TIN na ndaoine aonair nó na n-eintiteas tuairiscithe arna n-eisiúint ag an mBallstát cónaithe***, i gcás ina bhfuil fáil uirthi,*** a áireamh i gcur in iúl na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus (3a), Airteagal 8a(6), Airteagal 8aa(3), Airteagal 8ab(14), Airteagal 8ac (2) agus Airteagal 8ad(3). Cuirfear TIN ar fáil fiú amháin nuair nach n-éilítear é go sonrach leis na hAirteagail sin.

Leasú 91

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27c – mír 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Faoi mhí Eanáir 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil sé inmhianaithe TIN Eorpach a thabhairt isteach. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Leasú 92

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 a (nua)

Treoir 2011/16/AE

Airteagal 27d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 27d
	Athbhreithniú
	Faoi mhí Eanáir 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil gá le neartú breise a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus feidhmiú an uathmhalartaithe faisnéise agus a chaighdeán a ardú, agus é mar aidhm leis an méid seo a leanas a fhoráil:
	(a) go ndéanfar na catagóirí ioncaim a leagtar síos in Airteagal 8(1) a leathnú chuig sócmhainní airgeadais lena n-áirítear sócmhainní trádála airgeadra agus sócmhainní neamhairgeadais amhail réadmhaoin, ealaín nó seodra agus foirmeacha nua chun saibhreas a stóráil amhail saorphoirt agus taisceadáin lena n-áirítear na sonraí úinéireachta tairbhiúla deiridh agus caipiteal in aghaidh;
	(b) go ndéanfar na liostaí ítimí a leagtar síos in Airteagal 8(3a) a leathnú chun go n-áireofar na sonraí úinéireachta tairbhiúla deiridh agus go rachfar i ngleic le seachaint cánach trí áiteanna cónaithe tánaisteacha nó iomadúla chun críoch cánach.'

Leasú 93

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig ***2025*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig ***2026*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú 94

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir ***2026*** ar aghaidh.	Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir ***2027*** ar aghaidh.

Leasú 95

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe i

Treoir 2011/16/AE

IARSCRÍBHINN I – Roinn 1 – pointe A – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cibé acu is comhchuntas é an cuntas nó nach ea, lena n-áirítear líon na gComhshealbhóirí Cuntais.	(c) cibé acu is comhchuntas é an cuntas nó nach ea, lena n-áirítear líon na gComhshealbhóirí Cuntais ***agus sciar gach Sealbhóra Cuntais***.

Leasú 96

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe ii a (nua)

Treoir 2011/16/AE

IARSCRÍBHINN I – Roinn 1 – pointe A – fomhír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iia) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
	'7a. i gcás nach bhfuil aon chuntas ag an Institiúid Airgeadais Tuairiscithe atá le tuairisciú faoin Treoir seo, toradh nialasach, lena n-áirítear míniú ar an bhfáth nach bhfuil aon fhaisnéis á tuairisciú ag an institiúid airgeadais.'

Leasú 97

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)

Treoir 2011/16/AE

IARSCRÍBHINN I – Roinn 1 – pointe F a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	'Fa. Cuirfidh gach Institiúid Airgeadais Neamh-Thuairiscithe toradh nialasach faoi bhráid údarás inniúil a Ballstáit, lena n-áirítear míniú ar an bhfáth nach bhfuil an institiúid airgeadais ag déanamh tuairisciú ar aon fhaisnéis ná ar fhaisnéis ar a bhfuil an institiúid airgeadais eile ag déanamh tuairisciú thar a ceann.'

Leasú 98

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 a – pointe a (nua)

Treoir 2011/16/AE

IARSCRÍBHINN I – Roinn v – pointe A

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:
	(a) scriostar pointe A;

Leasú 99

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 a – pointe b (nua)

Treoir 2011/16/AE

IARSCRÍBHINN I – Roinn V – pointe B

An téacs atá ann	*Leasú*
	(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe B:
B. Cuntais Eintiteas atá faoi réir Athbhreithniú. Maidir le Cuntas Eintitis atá ann cheana ***lena mbaineann iarmhéid nó luach comhiomlán ar mó é, amhail an 31 Nollaig 2015, ná méid ainmnithe in airgeadra intíre gach Ballstáit a fhreagraíonn do USD 250 000, agus Cuntas Eintitis atá ann cheana nach mó é, amhail an 31 Nollaig 2015, ná an méid sin ach ar mó a iarmhéid nó a luach comhiomlán ná an méid sin amhail ar an lá deiridh d'aon bhliain féilire dá éis sin, ní mór*** an cuntas sin a athbhreithniú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i mír D.	'B. Cuntais Eintiteas atá faoi réir Athbhreithniú. ***Déanfar*** Cuntas Eintitis atá ann cheana a athbhreithniú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i mír D.'

Leasú 100

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 4 – pointe a

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn I – Roinn VIII – pointe A – fomhír 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an t-ollioncam atá inchurtha go príomha i leith infheistiú, athinfheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó nó i gCriptea-Shócmhainní Intuairiscithe, más rud é go bhfuil an tEintiteas á bhainistiú ag Eintiteas eile ar Institiúid Taisclainne, Institiúid Chumhdaigh***, Cuideachta Árachais Shonraithe***, nó Eintiteas Infheistíochta é ar a dtugtar tuairisc i bhfomhír A(6), pointe (a).	(b) an t-ollioncam atá inchurtha go príomha i leith infheistiú, ath-infheistiú, nó trádáil i Sócmhainní Airgeadais nó i gCriptea-Shócmhainní Intuairiscithe, más rud é go bhfuil an tEintiteas á bhainistiú ag Eintiteas eile ar Institiúid Taisclainne, Institiúid Chumhdaigh, Cuideachta Árachais Shonraithe, nó Eintiteas Infheistíochta é a thuairiscítear i bhfomhír A(6), pointe (a).

Leasú 101

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 4 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn I – Roinn VIII – pointe A – fomhír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Ciallaíonn an téarma 'Licín Ríomh-Airgid' nó 'Licín R-airgid' Licín Ríomh-Airgid' nó 'Licín R-airgid mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	10. Ciallaíonn an téarma 'Comhartha Ríomh-Airgid' nó 'Comhartha R-airgid' Comhartha Ríomh-Airgid' nó 'Comhartha R-airgid mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3 (1), pointe (7), de*** Rialachán ***(EU) 2023/1114.***

Leasú 102

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 4 – pointe b

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn I – Roinn VIII – pointe A – fomhír 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
13. Ciallaíonn an téarma 'Criptea-Shócmhainn' Criptea-Shócmhainn mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	13. ciallaíonn 'Criptea-Shócmhainn' Criptea-Shócmhainn mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (5), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 103

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn I – pointe A – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. gur Eintiteas é atá údaraithe faoi Rialachán ***XX;***	1. gur Eintiteas é atá údaraithe faoi Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 104

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn II – pointe B a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ba. D'ainneoin fhomhír A(1), ní cheanglaítear an áit bhreithe a thuairisciú mura gceanglaítear thairis sin ar an Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe í a fháil agus a thuairisciú faoin dlí náisiúnta.

Leasú 105

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn II – pointe C

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
C. Déanfar an fhaisnéis a liostaítear i mír 3 a thuairisciú faoin ***31 Eanáir*** den bhliain féilire tar éis na bliana lena mbaineann an fhaisnéis. Cuirfear an chéad fhaisnéis in iúl don bhliain féilire ábhartha nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.	C. Déanfar an fhaisnéis a liostaítear i mír 3 a thuairisciú faoin ***31 Iúil*** den bhliain féilire tar éis na bliana lena mbaineann an fhaisnéis. Cuirfear an chéad fhaisnéis in iúl don bhliain féilire ábhartha nó do thréimhse tuairiscithe iomchuí eile ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Leasú 106

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe A – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ciallaíonn 'Criptea-Shócmhainn' Criptea-Shócmhainn mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	1. ciallaíonn 'Criptea-Shócmhainn' Criptea-Shócmhainn mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (5), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 107

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe A – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ciallaíonn 'Ríomh-Airgead' nó 'R-airgead' ***Ríomh-Airgead nó R-airgead mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE.*** Chun ***críocha na Treorach seo***, ní áirítear leis an téarma 'Ríomh-Airgead' nó 'R-airgead' táirge a chruthaítear chun aistriú cistí ó chustaiméir chuig duine eile a éascú, agus chun na críche sin amháin, de bhun threoracha an chustaiméara. Ní chruthaítear táirge chun aistriú cistí a éascú, agus chuige sin amháin, más rud é, i ngnáthchúrsa gnó an Eintitis is aistritheoir, go bhfuil na cistí a bhaineann leis an táirge sin i seilbh níos faide ná 60 lá tar éis treoracha a fháil chun an t-aistriú a éascú, nó, mura bhfaightear aon treoir, go gcoimeádtar na cistí a bhaineann leis an táirge sin níos faide ná 60 lá tar éis na cistí a fháil.	5. ***Chun críoch na Treorach seo,*** ciallaíonn 'Ríomh-Airgead' nó 'R-airgead' ***aon Criptea-Shócmhainn ar fíor an méid seo a leanas ina leith: (a) is léiriú digiteach é ar Airgeadra Fiat amháin; (b) eisítear é ar chistí a fháil*** chun ***idirbhearta íocaíochta a dhéanamh; (c) arna léiriú ag éileamh ar an eisitheoir atá ainmnithe san Airgeadra Fiat céanna; (d) glacann duine nádúrtha nó dlítheanach eile seachas an t-eisitheoir leis mar íocaíocht; agus (e) de bhua ceanglais rialála a bhfuil an t-eisitheoir faoina réir, tá sé infhuascailte ag am ar bith agus ar parluach don Airgeadra Fiat céanna arna iarraidh sin do shealbhóir an táirge.*** Ní áirítear leis an téarma 'Ríomh-airgead' nó 'R-airgead' táirge a chruthaítear chun aistriú cistí ó chustaiméir chuig duine eile a éascú,

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	agus chun na críche sin amháin, de bhun threoracha an chustaiméara. Ní chruthaítear táirge chun aistriú cistí a éascú, agus chuige sin amháin, más rud é, i ngnáthchúrsa gnó an Eintitis is aistritheoir, go bhfuil na cistí a bhaineann leis an táirge sin i seilbh níos faide ná 60 lá tar éis treoracha a fháil chun an t-aistriú a éascú, nó, mura bhfaightear aon treoir, go gcoimeádtar na cistí a bhaineann leis an táirge sin níos faide ná 60 lá tar éis na cistí a fháil.

Leasú 108

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe A – fomhír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ciallaíonn 'Licín Ríomh-Airgid' nó 'Licín R-airgid' Licín Ríomh-Airgid' nó 'Licín R-airgid mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	6. Ciallaíonn 'Comhartha Ríomh-Airgid' nó 'Comhartha R-airgid' Comhartha Ríomh-Airgid' nó 'Comhartha R-airgid mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (7), de*** Rialachán ***(EU) 2023/1114.***

Leasú 109

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe A – fomhír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Ciallaíonn 'Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte (DLT)' Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte nó DLT mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	7. ciallaíonn 'Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte (DLT)' Teicneolaíocht Mórleabhar Dáilte nó DLT mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (1), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 110

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe B – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ciallaíonn 'Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní' Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX.***	1. ciallaíonn 'Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní' Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3(1), pointe (15), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 111

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe B – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ciallaíonn 'Seirbhísí Criptea-Shócmhainní' Seirbhísí Criptea-Shócmhainní mar a shainmhínítear i Rialachán ***XXX lena n-áirítear gabháil agus iasachtú.***	4. ciallaíonn 'Seirbhísí Criptea-Shócmhainní' Seirbhísí Criptea-Shócmhainní mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3 (1), pointe (16), de*** Rialachán ***(AE) 2023/1114.***

Leasú 112

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn IV – pointe C – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ciallaíonn 'Idirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe' Aistriú Criptea-Shócmhainní Intuairiscithe i gcomaoin earraí nó seirbhísí ar mó ná ***EUR*** 50 000 an luach atá orthu.	4. Ciallaíonn 'Idirbheart Íocaíochta Miondíola Intuairiscithe' Aistriú Criptea-Shócmhainní Intuairiscithe i gcomaoin earraí nó seirbhísí ar mó ná ***USD*** 50 000 ***(nó a choibhéis in aon airgeadra eile)*** an luach atá orthu.

Leasú 113

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn V – pointe A – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás nach soláthraíonn Úsáideoir Criptea-Shócmhainní an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Roinn III tar éis dhá mheabhrúchán i ndiaidh an chéad iarraidh a fháil ón Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe, ach ní roimh dheireadh 60 lá, cuirfidh na Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe cosc ar an Úsáideoir Criptea-Shócmhainní Idirbhearta Malartaithe a dhéanamh.	2. I gcás nach soláthraíonn Úsáideoir Criptea-Shócmhainní an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Roinn III tar éis dhá mheabhrúchán i ndiaidh an chéad iarraidh a fháil ón Soláthraí Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe, ach ní roimh dheireadh 60 lá, cuirfidh na Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní Tuairiscithe cosc ar an Úsáideoir Criptea-Shócmhainní Idirbhearta Malartaithe a dhéanamh***; cuirfear deireadh leis an teorannú sin láithreach tar éis don Úsáideoir Criptea-Shócmhainne an fhaisnéis is gá a sholáthar.***

Leasú 114

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn III

Treoir 2011/16/AE

Iarscríbhinn VI – Roinn V – pointe E

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Ballstát baile a thugann údarú do Sholáthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní i gcomhréir le Rialachán ***XXX*** liosta de na Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní údaraithe uile a chur in iúl don údarás inniúil ar bhonn rialta agus ar a dhéanaí roimh an 31 Nollaig.	Déanfaidh an Ballstát baile a thugann údarú do Sholáthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní i gcomhréir le Rialachán ***(AE) 2023/1114*** liosta de na Soláthraithe Seirbhísí Criptea-Shócmhainní údaraithe uile a chur in iúl don údarás inniúil ar bhonn rialta agus ar a dhéanaí roimh an 31 Nollaig.